



Beatha teanga í a labhairt

Ár bPolasaí Gaeilge

Is bunscoil náisiúnta lán-Ghaelach í Scoil Chualann faoi phatrúnacht Ardeaspag Chaitliceach Bhaile Átha Cliath.

Bunaíodh Scoil Chualann sa bhliain 1977. Tuismitheoirí as Bré, Clocha Liatha agus an ceantar mórthimpeall a bhunaigh an scoil agus tá aitheantas dá réir faighte aici ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Aidhmeanna

1. Forbairt iomlán an pháiste, idir forbairt intleachtúil, fhisiciúil, chultúrtha, mhórála, spioradála, shóisialta agus mhothúcháin.
2. Bunoidéachas trí mhéan na Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí ó theaghlaigh gurb í an Ghaeilge an teanga teaghlaigh iontu
3. Bunoidéachas trí mhéan na Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí eile agus a chur ar a gcumas bheith ina gcainteoirí líofa Gaeilge
4. An leanbh a ullmhú chun leas a bhaint as iarbunoidéachas
5. Timpeallacht iomlán Ghaelach a chothú agus dúil sa Ghaeilge agus sa tsaíocht Ghaelach a chothú i measc na ndaltaí agus na tuismitheoirí

Comhthéasc na Scoile

Is scoil lán-Ghaeilge í Scoil Chualann. Is í an Ghaeilge:

- teanga 1 na scoile
- teanga chumarsáide phobal na scoile
- teanga chaidrimh na foirne
- teanga chaidrimh idir múinteoirí agus daltaí
- teanga chaidrimh idir na daltaí féin

Is tré Ghaeilge a mhúintear gach ábhar (seachas Béarla).

Labhrann pobal Scoil Chualann an Ghaeilge i gcónaí sa chlós, ar thurais scoile, i dtimpeallacht na scoile agus le linn imeachtaí iar-scoile.

Is cuid den Chód Iompair í labhairt na Gaeilge sa scoil. Is í an Ghaeilge an bhunchloch ar ar bunaíodh Scoil Chualann. Impimid ar na tuismitheoirí/caomhnóirí dá bhrí sin oiread Gaeilge agus is féidir leo a labhairt lena gclann agus iad a spreagadh chun í a úsáid ní amháin sa scoil agus ag gach imeacht scoile ach ag teach tar scoil dóibh, ar a mbealach abhaile, sa bhaile féin agus chomh minic agus is féidir leo. Is iontach an rud é nuair a bhíonn roinnt Gaeilge ag na páistí agus iad ag teach tar scoil an chéad lá.

An Bord Bainistíochta

Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide an Bhoird. Cinntíonn an Bord go gcloítear leis an bpolasáí Gaeilge.

Tuismitheoirí

Iarrtar ar thuismitheoirí Gaeilge a labhairt i dtimpeallacht na scoile. Tá Coiste thuismitheoirí againn a chuidíonn go mór linn i Scoil Chualann. Cruinnithe dhá theangacha a bhíonn acu chun deis a thabhairt do gach tuismitheoir a bheith páirteach i reachtáil na scoile.

An Curaclam

Déanann an scoil gach iarracht forbairt iomlán an linbh a chothú i dtimpeallacht thaitneamhach Ghaelach. Leantar de ghnáthchúrsa na mbunscoileanna agus Curaclam na Bunscoile (ROS) ach cuirtear béim faoi Leith ar cheol Gaelach, rince Gaelach agus ar na cluichí Gaelacha, rud a thagann le sainsprid na scoile.

An Tumoideachas

Is éard atá i gceist le tumoideachas ná gur i dteanga áirithe- an Ghaeilge sa chás seo – a chuirtear oideachas ar pháiste lasmuigh de mhúineadh theangacha eile. Is i nGaeilge amháin a mhúintear na naíonáin bheaga i Scoil Chualann. Ón gcéad lá cloiseann an páiste Gaeilge timpeall air/uirthi agus ansin trí spreagadh na timpeallachta agus faoi stiúr an mhúinteora tagann sé/sí ar thuiscint na teanga. Tá tumadh iomlán sa Ghaeilge ag teastáil chun caighdeán sásúil Gaeilge a chinntiú do na páistí ionas go mbeidh siad in ann an dul chun cinn is dual dóibh a dhéanamh agus iad ar scoil linn. Léiríonn taighde idirnáisiúnta agus ár dtaithí féin gurb é an tumoideachas an bealach is fearr le dátheangachas suimíoch a bhaint amach. Tosaímid ag múineadh Béarla sa dara téarma i Rang Naíonáin Mhóra. Is i nGaeilge a mhúintear gach ábhar eile i gcónaí. Léiríonn taighde idirnáisiúnta agus ár dtaithí

phraiticiúil féin, chomh maith go mbaineann na páistí caighdeán an-ard amach sa Bhéarla.

Faoi Rang a hAon bímid ag súil gurb í an Ghaeilge an teanga a bhíonn in úsáid at t-am ar fad ach amháin ag am Béarla.

Tuigeann na gasúir gurb í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile agus gurb í an Ghaeilge an teanga a labhrann an múinteoir i gcónaí.

Labhairt na Gaeilge a spreagadh

Scéim na gCaisleán

Is mian linn labhairt na Gaeilge a spreagadh leis an nGaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide sa chlós agus i dtimpeallacht na scoile. Chuige sin leanaimid Scéim na gCaisleán. Bronntar úll airgid/óir ar rang ag brath ar an iarracht a dhéanann an rang i rith na seachtaine. Nuair atá trí úll óir gnóthaithe ag rang trí seachtaine as a chéile bronnfar Corn na Gaeilge orthu.

Nuair a fhaigheann rang úll óir cuirtear bríce ar chaisleán atá sa halla againn. Tugtar luach saothair don rang go mbíonn an caisleán is airde acu ag deireadh an téarma.

Ina theannta sin tabharfaidh an múinteoir ranga luach saothair don rang m.sh. cead breathnú ar fhíseán.

Duais don Dosaen (2011 ar aghaidh)

Tuigimid mar fhoireann go mbíonn grúpa mór i ngach rang a bhíonn an-dílis don Ghaeilge. Dá bhrí sin tá sé i gceist againn atheantas a thabhairt do dhaltaí aonair as a ndílseacht don Ghaeilge. Tabharfar cárta glas – Duais don Dosaen do gach páiste ó N2 suas go dtí Rang 6. Bronnfar greamáin clóis ar na páistí a dhéanann sár-iarracht. Nuair a bhíonn an cárta lán bronnfaidh an príomhoide duais beag (bonn cré umha, airgid agus óir) orthu. Déanfar na daltaí a mholadh ag an tionóil ag deireadh na scachtaine.

Bronnfar plaic ar an gcéad pháiste i ngach rang a bhuann an “Duais don Dosaen” ag tús na scoilbhliana.

Scéim na gCairde

Cuireadh an scéim seo i bhfeidhm chun cabhrú leis na naíonáin bheaga Gaeilge a fhoghlaim i gclós na scoile. Téann grúpa ó rang a sé go dtí an clós beag gach lá chun cluichí a imirt leis na páistí trí mheán na Gaeilge.